

Ráiteas faoi Bhaile Chill Dhéagláin

1.0 Réamhrá

Tabharfar cur síos gairid agus straitéis forbartha do Chill Dhéagláin sa ráiteas scríofa seo. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

2.0 Comhthéacs/Nádúr an Bhaile

Is é Cill Dhéagláin an dara baile is mó sa Mhí agus bhí daonra de bheagnach 13,000 ann in 2016. Tá sé lonnaithe go straitéiseach ar feadh teorainn theas an Chontae, in aice le Fine Gall agus tá naisc iompair naisc iompair iontacha le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus le Lár na Cathrach. Buntáiste don bhaile freisin í an nascacht áitiúil le Ráth Tó, le Dún Búinne agus le Dún Seachlainn trí bhíthin an gréasán bóithre réigiúnacha.

Is lárionad tábhachtach é Cill Dhéagláin ó thaobh cúrsaí miondíola, seirbhísí agus fostaíocht agus cuirtear poist agus seirbhísí ar fáil ann don daonra i ndobharcheantar mór i ndeisceart an Chontae. Tá an fhostaíocht comhchruinnithe sa chuid thuaidh den bhaile áit a bhfuil braisle Páirceanna Gnó agus Tionsclaíochta ina n-óstáiltear raon leathan gnóthaí, lena n-áirítear oibríochtaí déantúsaíochta, innealtóireacht, foirgníochta agus mórdhíola. Is áit thábhachtach don fhostaíocht í lár an bhaile freisin, agus cuirtear poist ar fáil san earnáil mhiondíola agus san earnáil seirbhísí gairmiúla.

Chomh maith lena fheidhm mar lárionad fostaíochta agus seirbhísí, is lonnaíocht comaitéirí é Cill Dhéagláin freisin le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Forbraíodh seirbhísí agus áiseanna breise, ina measc Lár Baile nua agus Campas Oideachais, mar fhreagra ar an bhfás láidir ar an daonra. Aithnítear go bhfuil gá le háiseanna breise pobail agus fóillíochta chomh maith. Maidir leis sin, tá forbairt ar Pháirc Líneach á brú chun cinn ag an gComhairle mar chuid de bhonneagar glasa a chur ar fáil sa bhaile. Tá forbairt déanta freisin ar Straitéis don Ríocht Phoiblí ina leagtar amach feabhsúcháin a d'fhéadfaí a chur ar lár an bhaile a d'fheabhsódh an nascacht agus a chruthódh timpeallacht uirbeach níos tarraingtí i lár an bhaile.

D'ainneoin príomh-shócmhainní Chill Dhéagláin, ní lonnaíocht ilmhódach é. Tá sin ag cur isteach go seasta ar chumas an bhaile a lánacmhainneacht a bhaint amach mar lonnaíocht inbhuanaithe.

Áit san Ordlathas Lonnaíochta	Baile Fáis Féinchothaithe – Ionad tábhachtach seirbhísí a fhreastalaíonn ar cheantar mór. Tá deiseanna ann don bhaile éirí níos neamhspleáiche trí bhíthin forbairt eacnamaíoch agus bonneagar pobail a éascú i bpáirt le fás ar an líon cónaitheoirí.	
Daonra	12,679 i nDaonáireamh 2016 11,355 i nDaonáireamh 2011	Athrú Céatadán ó 2011 go 2016 Ardú 12%
Leithdháileadh Teaghlaigh sa Chroistraitéis go dtí 2020-2026	1,349 aonad Áirítear air sin 209 aonad ar ann dóibh ach nach raibh tógtha agus é seo á scríobh	
Réamh-mheastachán Daonra 2026	15,879	
Oibrithe Cónaitheacha 2016	6,144	
Líon Iomlán Post 2016	1,963	
Post: Cóimheas an Fhórsa Saothair 2016	0.31	
Líon aonad críochnaithe 2016-2019	632 aonad	
Aonaid Thiomnaithe nach bhfuil Tógtha	209 aonad	
Áiseanna Oideachais	5 bhunscoil (lena n-áirítear 2 Ghaelscoil agus 1 Ag Foghlaim Le Chéile), 2 iar-bhunscoil (Coláiste De Lacy agus Pobalscoil Chill Dhéagláin), agus áiseanna chúram leanaí	
Saoráidí Pobail	Club lúthchleasaíochta, ionad pobail, club cruicéid, club peile, club CLG, cumann gailf, club rugbaí, leabharlann, Tailte Náisiúnta Lámhaigh, stáisiún na nGardaí, Lárionad Idirnáisiúnta Daorchluiche, roghanna chúram leanaí, Ionad Eolais do Shaoránaigh, agus 2 shéipéal	
Limistéir Caomhantas Ailtireachta (LCAnna)	Níl aon Limistéir Chaomhantais Ailtireachta i gCill Dhéagláin	
Déanmhais Chosanta	3 dhéanmhas cosanta	
Seirbhísí	Acmhainn ar fáil de réir mar is gá	
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Criosanna tuilte in áiteanna éagsúla sa bhaile, ar an taobh thoir thuaidh, ó dheas agus thiar-theas de lár an bhaile ar feadh Abhainn Ghabhra agus a craobh-aibhneacha	
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh de Chill Dhéagláin nó ar theorainn na lonnaíochta. SPA Inbhear an Mhóinéir Leathain/Shoird is ea an láithreán Natura 2000 is gaire, agus é tuairim is 15km ón mbaile. I measc na láithreán ábhartha eile tá Inbhear cSAC Mhullach Íde, áit a dtéann Abhainn Ghabhra, a théann trí Chill Dhéagláin, isteach san fharraige.	

3.0 Fís

“Go ndéanfar forbairt ar Chill Dhéagláin mar bhaile fuinniúil, nua-aimseartha agus comhtháite timpeall ar lárionad láidir fostaíochta agus seirbhísí, áit a gcuirfidh fás amach anseo le leathnú agus infheistíocht an bhaile chun tacú le lonnaíocht inbhuanaithe, éagsúil agus taitneamhach.”

4.0 Deiseanna

- Cuireann an lárionad uirbeach fuinniúil, an daonra atá ag fás agus na háiseanna oideachais ardán ar fáil d'fhás leanúnach inbhuanaithe Chill Dhéagláin, le tacaíocht ón suíomh straitéiseach atá aige i ndeisceart an Chontae.
- A bhuíochas do ghaireacht Chill Dhéagláin d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus don bhfáil ar thailte fostaíochta le seirbhísí, cuirtear deiseanna iontacha ar fáil chun an bonn fostaíochta sa bhaile a threisiú agus chun an cóimheas post a fheabhsú.
- Le cur i bhfeidhm Straitéis Ríocht Phoiblí Lár Bhaile Chill Dhéagláin, déanfar an baile níos tarraingtí do dhaoine le cuairt a thabhairt air, agus le bheith ag siopadóireacht agus ag bualadh le chéile ann, chomh maith leis an mbaile a dhéanamh níos mealltaí d'infheisteoirí féideartha.
- Tá deiseanna ann chun aonaid fholmha i lár an bhaile agus na ceantair fostaíochta sa chuid thuaidh den bhaile a athfhorbairt.
- Beidh forbairt na Páirce Líní ar feadh Abhainn Ghabhra ina taitneamhacht phoiblí thábhachtach do chónaitheoirí Chill Dhéagláin agus déanfaidh sí na spásanna glasa sa bhaile a chomhtháthú agus a nascadh.
- Bonneagar pobail agus fóillíochta a fheabhsú trí bhíthin tailte oiriúnacha a shainaitheint chun páirc bhaile ar scála réigiúnach a fhorbairt ann, lena gcuirfí pointe lárnach ar fáil do thaitneamhachtaí sóisialta agus fóillíochta. (Féach Caibidil 7 Tógáil Phobail)
- Modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn trí bhíthin suíomh oiriúnach a shainaitheint le haghaidh áis Páirceála agus Taistil.
- Áiseanna siúlóide agus rothaíochta sa bhaile a fheabhsú trí bhíthin tacú le soláthar na dtionscadal bonneagair ar Bhóthar Bhaile an Mhuilinn agus ar an tSráid Mhór a fuair maoiniú faoin Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.
- Deis maidir le féidearthacht nasc iarnróid le Baile Átha Cliath trí bhíthin craobhlíne ón líne an Uaimh-Baile Átha Cliath, a bhfreastalódh ar Chill Dhéagláin agus ar Ráth Tó, a fhiosrú¹. (Féach Caibidil 5 Gluaiseacht).

5.0 Straitéis Úsáide Talún

Díreofar go príomha sa straitéis forbartha do Chill Dhéagláin ar an bonn fostaíochta a threisiú agus ar phróifíl eacnamaíoch an bhaile a ardú. Díreofar ar fhorbairt a chomhdhlúthú i lár an bhaile agus ar fheabhas a chur ar nascacht agus ar neamhdhíonacht idir forbairtí cónaitheacha nua agus lár an bhaile. De réir mar a leanann an daonra ar aghaidh ag fás, cuirfear béim ar a chinntiú go mbeidh na háiseanna leordhóthanacha sóisialta, pobail agus fóillíochta ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí. Tá leithdháileadh déanta sa Chroístraitéis a mheastar a bheith ina leithdháileadh réasúnta de dhaonra foriomlán an Chontae ar an mbaile, ag féachaint don ghá le díriú ar ghníomhaíocht fostaíochta agus inbhuanaitheacht amach anseo.

¹ Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 5 den CDP 'Gluaiseacht'

5.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is lonnaíocht tharraingteach é Cill Dhéagláin a bhfuil fás suntasach tagtha air le deich mbliana anuas de bharr a ghaireacht le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus le Lár na Cathrach. Tá meascán leathan de chineálacha tithe agus forbairtí cónaitheacha sa bhaile a fhreastalaíonn ar riachtanais an daonra atá ag fás. Cé go ndearnadh forbairt chónaitheach roimh áiseanna pobail san am a chuaigh thart, tá infheistíocht déanta le déanaí in áiseanna sóisialta agus pobail sa bhaile, ina measc campas scoile nua agus leabharlann phoiblí. Chabhraigh sin le pboal níos cothromaithe agus inbhuanaithe a chruthú. De réir mar a thagann fás ar an daonra, beidh gá leis na háiseanna a mhéadú tuilleadh.

Tá fás ag teacht i gcónaí ar chúrsaí cónaitheacha sa bhaile, agus tugadh roinnt láithreán forbartha móra sa bhaile chun críocha le déanaí, le roinnt eile beagnach tugtha chun críche. Áirítear orthu sin Páirceanna an Teampaill, Diméin Bhaile an Áirséaraigh, Crenigans Banog, agus Cluainte Bhaile an Mhuilinn. Chomh maith leis na láithreáin úrnua sin a fhorbairt, cuireadh béim ar fhás comhdhlúite agus tugadh forbairt ar roinnt láithreán inlíonta chun críche le déanaí, lena n-áirítear Na Daracha agus Lóiste Walfre.

Bhí c.200 aonad ar ann dóibh ach nach raibh tógtha i gCill Dhéagláin agus é seo á scríobh. Táthar ag súil go dtabharfar chun críche iad sin le linn shaolré an Phlean seo.

Leanfar d'fhás Chill Dhéagláin a bhunú timpeall ar phrionsabail chomharsanachtaí dlútha, inbhuanaithe ina n-áirítear meascán oiriúnach tithíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais dhaoine de gach aois, in áiteanna ar féidir siúl uathu go dtí seirbhísí agus áiseanna.

5.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Mar gheall go bhfuil Cill Dhéagláin lonnaithe ar imeall Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go bhfuil sé gar d'Aerfort agus do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, is lárionad tábhachtach é don fhás eacnamaíoch i gContae na Mí. In 2016, bhí beagnach 2,000 post sa bhaile, mar sin ba cheann de na hionaid leis an líon ab airde fostaíochta sa Chontae. Tá raon éagsúil post ann sa bhaile, lena n-áirítear déantúsaíocht, foirgníocht, oideachas, innealtóireacht, miondíol, airgeadas, seirbhísí gairmiúla agus turasóireacht.

Sainithníodh na tailte fostaíochta ar an taobh ó thuaidh de Thimpeallán na Rátha mar cheann de 5 láithreán lena mbaineann tábhacht straitéiseach don fhostaíocht i Straitéis Forbartha Eacnamaíochta na Mí. Tá de bhuntáiste ag na tailte sin go bhfuil siad suite ar feadh bhealach an idirnascaire thoir/thiar de chuid Eirgrid, agus go bhfuil rochtain ann ar nasc iontach snáithín-bhunaithe le leathanbhanda. Tá Creat-Phlean ullmhaithe le haghaidh na dtailte sin. Déanfar iarratas pleanála ar bith a fhorbairt i gcomhréir leis an gCreat-Phlean nó le Máistirphlean athbhreithnithe/nuashonraithe.

Beidh ról tábhachtach i gcónaí ag Páirc Ghnó Chill Dhéagláin maidir le fostaíocht a sholáthar sa bhaile, mar tá acmhainneacht ann d'úsáidí fostaíochta breise ar thailte neamhfhorbartha sa Pháirc. Déanfar soláthar ar na tailte sin d'fhorbairt de chineál oifige tionsclaíche agus tionsclaíche éadroime i dtimpeallacht de champas ardcháilíochta.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh go leor tailte ar fáil chun freastal ar an bhfás eacnamaíoch sa bhaile amach anseo agus chun roghanna infheistíochta a sholáthar d'infheisteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann, sainithníodh 9 heicteár breise de thalamh fostaíochta idir Páirc Mhiondíola Chill Dhéagláin agus an M2.

5.3 Miondíol

Is é Cill Dhéagláin an dara lárionad miondíola is mó sa Chontae. Sainnithnítear é sin lena ainmniúchán mar Lárionad Leibhéal 3 sa Chéimlathas Miondíola don Chontae. Is crann taca tábhachtach don bhaile agus dá cúlchríoch é an tairiscint mhiondíola láidir i lár an bhaile. (Féach an Chaibidil An Geilleagar agus an Fhostaíocht agus Aguisín 4, Straitéis Miondíola).

5.4 Bonneagar

Déantar an soláthar uisce a chur chuig Cill Dhéagláin ón Ionad Cóireála Uisce i Steach Luíne trí thaiscumar an Mhuilinn Ghaoithe faoi Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach na Mí Thoir. Tá baic sa líonra dáilte uisce faoi láthair atá ag cur srian ar an acmhainneacht atá ar fáil.

Ciallaíonn cur i gcrích Chéim 2 de Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde go bhfuil córas nua-aimseartha, éifeachtúil fuíolluisce agus bailithe uisce curtha ar fáil a bhfuil d'acmhainneacht aige freastal ar riachtanais reatha agus ar amach anseo. Déantar fuíolluisce ó Chill Dhéagláin a scaoileadh chuig séarach '9C' i líonraí Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ag Mullach Eadrad, áit a ritheann sé go dtí an Córas Cóireála Fuíolluisce Réigiúnach ag An Rinn.

5.5 Tuilte

Sainnithníodh tailte atá i mbaol tuilte sa Mheasúnú Straitéiseach Baol Tuilte a ullmhaíodh don Chontae. Chun baol tuilte amach anseo a chosc nó a íoslaghdú, cuirfear cur chuige riosca-bhunaithe i dtaca le bainistiú tuilte i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna *“Treoirlínte um Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte d’Údarás Phleanála”* (2009)².

Mar fhreagra ar thuilte a tharla i gCill Dhéagláin le déanaí, ullmhaíodh Scéim um Maolú Tuilte don bhaile. Tá oibreacha éagsúla i gceist leis an scéim seo, ina measc lintéir a uasghrádú, cainéil a fheabhsú agus claífoirt chosanta tuilte ísle a thógáil. Oibreacha leanúnacha iad sin atá le bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2020.

5.6 Gluaiseacht

Tá comhtháthú rathúil na talamhúsáide agus an iompair ríthábhachtach d'fhás inbhuanaithe an bhaile. Mar chuid den straitéis chun úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú, éilítear faoin RSES go ndéanfaí Plean Iompair Áitiúil a ullmhú do Chill Dhéagláin. Ullmhófar an Plean seo i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus cabhróidh sé le bearta a aithint chun an gá le taisteal a laghdú, éifeachtúlacht iompair phoiblí a fheabhsú, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn agus an méid a bhraitear ar an gcarr príobháideach mar an bpríomh-mhodh iompair a laghdú.

Tá sciar láidir siúil agus rothaíochta i gCill Dhéagláin, a bhuíochas don fhoirm uirbeach tharraingteach agus an nádúr dlúth atá aige. Cuirtear leis sin ag líon seirbhísí bus rialta lena soláthraítear naisc mhaithe le Baile Átha Cliath agus leis na bailte máguaird. Is buntáiste eile don bhaile é a ghaireacht do chonair iompair an M2.

Ag tógáil ar an gcion módach gníomhach i gCill Dhéagláin, tá deiseanna ann chun neamhdhíonacht laistigh de lár an bhaile a fheabhsú agus chun nuaghráduithe do choisithe agus do rothaithe a thabhairt isteach ar phríomhchonairí a nascann tailte cónaitheacha le lár an bhaile. Sainnithníodh feabhsúcháin éagsúla ar na sráideanna agus ar na spásanna sibhialta i lár an bhaile sa Straitéis Ríocht Phoiblí do Chill Dhéagláin agus dhéanfaí lár an bhaile níos tarraingtí agus níos comhtháite dá mbarr.

² Tá tuilleadh mionsonraí faoi Bhainistiú Baol Tuilte leagtha amach i gCaibidil 6 den CDP ‘Bonneagar’

Áirítear orthu sin an tSráid Mhór agus Bóthar Bhail an Mhuilinn, a fuair maoiniú le haghaidh feabhsúcháin ar an mbonneagar do rothaithe agus do choisithe faoin gCiste Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

D'fhonn spleáchas ar charranna príobháideacha a laghdú agus chun iompar poiblí a dhéanamh níos inrochtana do chónaitheoirí, tá deis ann chun tacú le háis Páirceála agus Taistil a sholáthar sa bhaile. Bheadh mar bhuntáiste ag áis mar sin plódú tráichta a mhaolú agus aistriú ón spleáchas ar charranna go dtí cineálacha inbhuanaithe iompair phoiblí a spreagadh. Dá bharr sin, is cuspóir den Phlean seo é áit oiriúnach a shainiú le haghaidh áis Páirceála agus Taistil sa bhaile.

Chomh maith le rochtain ar sheirbhísí bus a fheabhsú, ní mór machnamh a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht ó thaobh nasc iarnróid chuig Cill Dhéagláin a sholáthar san fhadtéarma. Mar chuid den athbheithniú ar Chéim II de Thionscadal Iarnróid na hUaimhe, meastar go bhfuil deis ann chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh craobhlíne ón líne iarnróid sin a chur go Cill Dhéagláin. Is cuspóir den Phlean seo é caidreamh a dhéanamh le hIarnród Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh an nasc iarnróid sin a chur ar fáil.

5.7 An Oidhreacht Chultúrtha, Thógtha agus Nádúrtha

Abhainn Ghabhra agus a chonair an ghné nádúrtha is suntasaí i gCill Dhéagláin, agus is lárphointe iad don cháilíocht chomhshaoil agus don fhóillíocht. Beidh an abhainn seo ina sainghné den Pháirc Líneach. Déanfar an áit súgartha atá ann cheana féin cois na habhann a fhorbairt ina háit súgartha idirghníomhach do leanaí de gach aois.

5.8 Bonneagar Glas agus Spás Oscailte

Is éard atá i gceist le Bonneagar Glas ná an líonra de spásanna glasa, gnáthóga, agus éiceachórais a bhíonn le fáil i mbailte agus sráidbhailte. Áirítear leis spásanna oscailte, uiscebhealaí, gairdíní, coillearnacha, limistéir fiadhúlra, gnáthóga fiadhúlra, crainn sráide, an oidhreacht nádúrtha agus an tuath féin. Is éard is aidhm do bhonneagar glas a aithint ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhordaithe maidir leis an mbonneagar sin a bhainistiú a mbeadh buntáistí ag baint leis do mhuintir na háite agus d'éiceachórais agus do ghnáthóga áitiúla araon. Tá tuilleadh mionsonraí faoin mBonneagar Glas leagtha amach i gCaibidil 8.

Tugtar deis, leis an bPlean seo, chun cur leis an soláthar bonneagair ghlais i gCill Dhéagláin trí bhíthin an Pháirc Líneach a bhrú chun cinn. Sínfidh an Pháirc seo ar feadh Abhainn Ghabhra ó Bhóthar Bhaile Bin, le taobh tailte CLG Dhomhnach Mór, trí Castlelands agus Killelland/Cill Dhéagláin, trasna agus ar feadh na háite súgartha chuig an spás oscailte ag Páirc na bhFianna agus ar aghaidh chuig Bóthar Bhaile an Mhuilinn. Tugadh an chéad chéim den Pháirc Líneach chun críche in 2019. Soláthraíodh spás súgartha nua, tógadh amfaitéatar agus suiteáladh droichead do choisithe a dhéanann nasc díreach chuig lár an bhaile.

Cuirfidh an pháirc phoiblí a ndéanfar dul chun cinn uirthi i rith an Phlean seo, a bheidh lonnaithe ar an taobh thoir theas de lár an bhaile agus a mbeidh rochtain éasca ag an bpobal uirthi, leis na spásanna oscailte sa Pháirc Líneach. Cuirfear áiteanna fóillíochta agus áiseanna breise do chónaitheoirí ar fáil léi.

5.9 Bonneagar Sóisialta

Tá leabharlann phoiblí ina bhfuil acmhainní breátha i gCearnóg an Bhaile i gCill Dhéagláin agus is sócmhainn thábhachtach don phobal í.

Rath mór atá i gcur i gcrích an Champais Oideachais agus cinnteofar leis go bhféadfaidh cónaitheoirí an bhaile leas a bhaint as áiseanna oideachais ardcháilíochta agus inrochtana. Tá deis ann feabhas a chur ar an nascacht ó na tailte cónaitheacha ar an taobh thoir den champas go dtí an campas ar feadh na Páirce Líní.

Déantar freastal maith ar an mbaile ag clubanna spóirt agus ag áiseanna pobail eile, ach tá easpa páirce poiblí ann atá inrochtana don phobal iomlán.

D'fhonn an pobal i gCill Dhéagláin a neartú agus d'fhonn an baile a dhéanamh níos tarraingtí mar áit le cónaí inti, is cuspóir den Phlean seo é Máistirphlean a ullmhú chun páirc poiblí a sholáthar. Bheadh an spás sin mar áit chruinnithe do theaghlaigh agus do ghrúpaí agus eagraíochtaí éagsúla, agus bheadh sé ina acmhainn thábhachtach maidir le stíl mhaireachtála ghníomhach agus fholláin a chur chun cinn. Tá deis ann an pháirc seo a sholáthar mar chuid d'fhorbairt úsáid mheasctha lena n-áireofaí áiseanna poiblí, úsáid chónaitheach agus úsáid fostaíochta.

Mar aitheantas ar an éileamh ar áiteanna bhreise de spás oscailte gníomhach, sainaitníodh tuairim is 6.2 heicteár tailte le taobh club CLG Dhomhnach Mór/Chill Dhéagláin.

6.0 Máistirphleananna

Sainaitnítear 3 réimse do Mháistirphlean i gCill Dhéagláin. Is éard is aidhm do Mháistirphlean ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhtháite maidir le tailte a chéimniú, a bhainistiú agus a fhorbairt laistigh de Limistéar an Mháistirphlean. Ní bhreithneofar iarratas pleanála gan Máistirphlean a bheith aontaithe i scríbhinn leis an Údarás Pleanála seachas más féidir a chruthú nach mbainfidh an t-iarratas cosc an bun de chuspóirí an Mháistirphlean a bhaint amach.

Máistirphlean	Cur Síos	Stádas
Máistirphlean 1	Baineann Máistirphlean 1 leis na tailte ag Baile an Mhuilinn ar an taobh ó dheas de Chill Dhéagláin agus tá achar c.19.9 heicteár i gceist leis. Beartaítear láithreán do bhunscoil a sholáthar leis na tailte sin, chomh maith le tailte d'úsáidí fóillíochta agus d'fhorbairt chónaitheach. Déanfar na tailte a fhorbairt ar bhonn céimnitheach atá le comhaontú mar chuid den Mháistirphlean a ullmhú.	Le hullmhú
Máistirphlean 2	Baineann Máistirphlean 2 le tailte fostaíochta ar achar c.30.5 heicteár agus iad lonnaithe amach ón N2 ar an taobh thiar thuaidh de Pháirc Ghnó Chill Dhéagláin. D'ullmhaigh an Chomhairle Máistirphlean do na tailte sin in 2013 inar leagadh amach creat coincheapúil d'fhorbairt na dtailte sin. Tabharfar aird ar na prionsabail agus ar an gcreat coincheapúil arna leagan amach sa Mháistirphlean agus forbairt ar bith á déanamh ar na tailte sin.	Comhaontaithe i 2013
Máistirphlean 3	Baineann Máistirphlean 3 le tailte ar an taobh ó dheas den bhaile. Sainaitníodh achar c.46.5 heicteár d'úsáidí measctha, lena n-áirítear páirc poiblí, úsáidí cónaitheacha agus úsáidí pobail. Bainfear úsáid as ar a laghad 12 heicteár de na tailte sin don pháirc poiblí. Mar chuid d'ullmhúchán an Mháistirphlean seo, beidh riachtanas ann maidir le haon uasghrádú nach mór a dhéanamh ar an R125 chun feabhas a chur ar na naisc idir Cill Dhéagláin agus Sord a chur san áireamh.	Le hullmhú

7.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caihdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BEA C.D. 1 Tacú le comhtháthú na forbartha ar Chill Dhéagláin lena n-éascófar forbairt chónaitheach agus fostaíochta agus seirbhísí miondíola, pobail agus fóillíochta a sholáthar d'fhonn lonnaíocht níos dlúithe agus níos féinleorga a chruthú.

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS LT C.D. 1 Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a áirithiú, a mhéid agus is praiticiúil, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Chill Dhéagláin mar a leagtar amach é i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

CUS LT C.D. 2 Forbairt na dtailte ag Baile an Mhuilinn a sainaithnítear mar 'MP1' ar an Léarscáil Chriosaithe Talamhúsáide a éascú, faoi réir ag Máistirphlean a ullmhú.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS EF C.D. 1 Leanúint de thionscal nua a mhealladh chuig Cill Dhéagláin a bhainfidh leas as cháilíocht an bhonneagair bhóithre ag an suíomh seo agus as a ghaireacht leis an M50, le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus le Calafort Bhaile Átha Cliath.

Bonneagar

CUS BON C.D. 1 Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo ó thaobh seirbhísí uisce leordhóthanacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha Cill Dhéagláin laistigh de thréimhse an Phlean.

CUS BON C.D. 2 Baol tuilte agus forbairt i gCill Dhéagláin a bhainistiú i gcomhréir leis na beartais agus na cuspóirí arna leagan amach i gcuid 6.7.2 d'Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae, 'Bainistiú Baol Tuilte'.

Gluaiseacht

CUS G C.D. 1 Suíomh oiriúnach d'áis Páirceála agus Taistil bus-bhunaithe i gCill Dhéagláin a shainaithint.

CUS G C.D. 2 Tacú le cur i gcrích na gcéimeanna den fheabhsúchán do rothaithe agus do choisithe ar an R135 atá fanta agus iad a éascú.

CUS G C.D. 3 Tacú le cur i bhfeidhm nasc nua do choisithe agus do rothaithe ó Shráid Chill Dhéagláin go dtí Sráid Frederick agus é a éascú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ar fad.

CUS G C.D. 4 Tacú le sholáthar feabhsúchán do rothaithe agus do choisithe ar Bhóthar Bhaile an Mhuilinn.

- CUS G C.D. 5 Tacú le cur i bhfeidhm uasghráduithe rothaíochta ar fud lár an bhaile, mar a shainmhínítear i bPlean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus iad a éascú.
- CUS G C.D. 6 Tacú le cur i bhfeidhm an uasghrádaithe ar Bhóthar an Bhaile Trasna chun freastal a dhéanamh ar fheabhsúcháin do rothaithe agus do choisithe, i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad.
- CUS G C.D. 7 Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh acomhal nua ar an R135 a d'fhéadfadh freastal ar thailte forbartha ar Lána Haice agus rochtain nua ar Choláiste Pobail Chill Dhéagláin a chur ar fáil, i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar fad.
- CUS G C.D. 8 Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh bóthar Bhaile an Áir séaraigh a uasghrádú chun freastal níos fearr ar na háiseanna pobail ar feadh an bhóthair seo a bhfuil fás ag teacht orthu.
- CUS G C.D.9 Cosaint a dhéanamh, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, ar oibriú éifeachtúil busanna ar an R135 agus tacú le bearta chun an leibhéal seirbhíse bus chuig Cill Dhéagláin agus uaidh a mhéadú.
- CUS G C.D. 10 Tacú le hullmhúchán staidéar féidearthachta a dhéanadh fiosrú ar an bhféidearthacht nasc iarnróid a dhéanamh le Baile Átha Cliath trí bhíthin craobhlíne a d'fhreastalódh ar Chill Dhéagláin agus Ráth Tó ón líne An Uaimh-Baile Átha Cliath.
- CUS G C.D. 11 Plean Iompair Áitiúil a ullmhú do Chill Dhéagláin i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus i gcomhréir leis an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- CUS G C.D. 12 Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh an R125 a uasghrádú, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, chun nasc agus nascacht idir Cill Dhéagláin agus Sord a fheabhsú.

An Oidhreacht Chultúrtha, Thógtha agus Nádúrtha

- CUS OCN C.D. 1 Tacú le tabhairt chun críche na Páirce Líne ar feadh Abhainn Ghabhra ó Chumann Gailf Chill Dhéagláin go dtí Campas Oideachais Chill Dhéagláin, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.

Bonneagar Sóisialta

- CUS SÓIS C.D. 1 Forbairt ar bhunscoil a éascú, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, ar thailte ar shuíomh oiriúnach, a chomhlíonfaidh riachtanais oideachais na nglúinte atá le teacht i gCill Dhéagláin.
- CUS SÓIS C.D. 2 Tacú le forbairt ar áiseanna breise spóirt, go háirithe páirceanna imeartha, agus é sin a éascú, ar na tailte arna sainaithe mar 'Spás Oscailte' díreach taobh thiar de Chlub CLG Dhomhnach Mór/Cill Dhéagláin.
- CUS SÓIS C.D. 3 Máistirphlean a ullmhú do na tailte arna sainaithe mar 'MP 3' ar an Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún a fhreastalóidh ar chrios pobail úsáide measctha a fhorbairt, lena n-áireofar:
- i) Páirc phoiblí
 - ii) Forbairt chónaitheach
 - iii) Úsáidí Fostaíochta agus Fiontraíochta

Déanfar an pháirc phoiblí a thórdhreachú agus beidh cosáin, siúlóidí agus achair mhóra spás oscailte éighníomhach inti. Déanfaidh na húsáidí fostaíochta soláthar d'fhostaíocht den chineál tionsclaíoch éadrom agus tionsclaíoch oifige. Beidh meascán oiriúnach de chineálacha tithe ar na tailte cónaitheacha agus dearfar iad le gur féidir faireachas éighníomhach a dhéanamh ar an bpáirc. Comhaontófar an chainníocht iomlán talún a bheidh tiomnaithe ar gach úsáid talún, chomh maith le suíomh na n-úsáidí sin, leis an Údarás Pleanála, mar chuid den Mháistirphlean a ullmhú.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS DU C.D. 1 Tacú le húsáid a bhaint as prionsabail inbhuanaithe ó thaobh scéimeanna cónaitheacha a dhearadh, a phleanáil agus a fhorbairt ar fud an bhaile.

CUS DU C.D. 2 Oibreacha feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí a chur i bhfeidhm de réir na moltaí sa Straitéis don Ríocht Phoiblí a ullmhaíodh do Chill Dhéagláin.